




An Coimisiún
Eorpach

© phovoir



Rólimirt ar chinnteoireacht AE:

Treoir don Mhúinteoir



Parlaimint na hEorpa



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Rólimirt Cinnteoireacht AE: Treoir don Mhúinteoir

Forbhreathnú

Léiríonn na scoláirí cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Is é aidhm an chruinnithe teacht ar chinneadh ar an togra reachtach maidir leis na comhábhair i seacláid. Ní ghlacfar leis an togra ach amháin má chomhaontaíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa araon ar an bhfoclaíocht chinntitheach. Le linn an chruinnithe, déanann Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an treoír Seacláide a chur in iúl don Chomhairle.

Glacann na scoláirí páirt na n-airí ó bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Ar thaobh amháin, ní mór dóibh a leasanna náisiúnta a chur san áireamh. Ar an taobh eile, ba cheart go ligfidís don phróiseas reachtach Eorpach dul ar aghaidh go réidh. Glacann ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa páirt ann freisin.

Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadfar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach.

Cinntíonn an Coimisiún Eorpach saorghluaiseacht earraí san Aontas. Dá bhrí sin, dhréachtaigh an Coimisiún treoír a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoír seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Sprioc foghlama

Is é is aidhm dó deis a thabhairt do scoláirí taithí a fháil ar conas a oibríonn an chinnteoireacht Eorpach agus a thuiscint go bhfuil baint ag leasanna éagsúla náisiúnta agus leasanna eile léi.

An méid ama atá ag teastáil

Tógann an rólimirt 75 nóiméad, an réamhra san áireamh.

Ag brath ar an am atá ar fáil duit, féadfaidh tú níos mó ama nó níos lú ama a thabhairt do dhaltaí chun iad féin a ullmhú i ngrúpaí. Féadfaidh tú an plé a ghiorrú ina dhiaidh sin freisin más gá.

Is féidir an rólimirt a roinnt thar dhá cheacht. Críochnaigh cuid A agus cuid B sa chéad cheacht, ansin caith an dara ceacht leis an rólimirt (C) agus leis an bplé ina dhiaidh sin (D).

Ábhair a theastaíonn

- Físeán réamheolais
- Roghnach: Cur i láthair PowerPoint, le cur síos breise ar an Aontas Eorpach
- Treoír eolais faoin gcás
- Páipéar nótaí do scoláirí
- Bileog Excel chun vótaí a iontráil (féadfar í a theilgean ar an scáileán)

Má tá aon cheist agat faoin rólimirt seo, téigh i dteagmháil le COMM-PUBLI-FEEDBACK@ec.europa.eu

© An tAontas Eorpach

NB: Simplíodh an nós imeachta chun críche na rólimeartha seo. Ina theannta sin, léiríonn sé níos lú tíortha ná iad siúd a bhí rannpháirteach sa treoír bhunaidh.

Ullmhúchán

Socraigh na cathaoireacha do chruinniú roimh ré (i.e. cearnóg). Cinntigh go bhfuil go leor suíochán ann do gach rannpháirtí.

Is é 15 — 25 rannpháirtí an líon is fearr. Seo thíos míniú ar cad atá le déanamh le níos mó rannpháirtithe nó níos lú.

An rólímirt a reáchtáil

Cuid A. Físeán réamheolais agus míniú (10 - 15 nóiméad)

- Féach ar an scannán réamheolais mar rang.
- Tabhair cur síos gairid ar an Aontas Eorpach. Úsáid an cur i láthair PowerPoint mar chabhair, más mian leat.
- Scríobh amach na céimeanna don rólímirt ar an mbord: Babhta 1 — Réamhvóta; Seasamh Pharlaimint na hEorpa; Sos; Babhta 2 — Vótáil deiridh; Seasamh Pharlaimint na hEorpa. Míniú nach mór do na hairí náisiúnta iarracht a dhéanamh, le linn an tsosa, áitiú ar na ballstáit eile agus ar Pharlaimint na hEorpa glacadh lena dtuairim. Is féidir a fhiafraí freisin le linn an tsosa an bhfuil an Coimisiún Eorpach sásta an togra a leasú.
- Roinn an rang ina cheithre ghrúpa déag.
 - Grúpa 1*
Parlaimint na hEorpa (1-2 scoláire)
 - Grúpa 2*
Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh (1-2 scoláire)
 - Grúpa 3*
An Coimisiún Eorpach (1-2 scoláire)
 - Grúpaí 4-14*
Airí bhallstáit an Aontais (1-2 scoláire in aghaidh an bhallstáit)
Má tá níos mó ná 28 scoláire sa rang, cuir triúr scoláirí i roinnt grúpaí.
- Tabhair cur síos ar an ról.

NB: Mura bhfuil go leor scoláirí ann, is féidir an Phortaingéil, Éire agus/nó an tSeicia a fhágáil ar lár. Tá sé tábhachtach, áfach, go ndéanfaí vótaí na dtíortha sin a chomhaireamh mar sin féin! Fógraigh seasamh na dtíortha seo tú féin le linn an chruinnithe.

Cuid B: Ullmhú i ngrúpaí (5-10 nóiméad)

Cinnfidh na scoláirí conas a ghníomhóidh siad, ag baint úsáid as an gcur síos ar an ról. An vótálfaidh siad ar son nó i gcoinne thogra an Choimisiúin Eorpaigh? Agus cén fáth?

An tUachtarán	
An Fhrainc	An tSualainn
An tSeicia	An Phortaingéil
An Pholainn	An Ghearmáin
An Bheilg	An Ísiltír
An Spáinn	Éire
Parlaimint na hEorpa	An Iodáil
An Coimisiún Eorpach	

Cuid C: Rólímirt — cruinniú de Chomhairle an Aontais Eorpaigh (45 nóiméad)

Babhta 1: 10 nóiméad

Osclaíonn an t-uachtarán an cruinniú, agus tugann sé cead cainte don Choimisiún Eorpach. Léann an Coimisiún an togra le haghaidh na treorach os ard.

Ansin iarrann an t-uachtarán ar gach tír a seasamh ar an treoir a leagan amach.

Spreag na scoláirí le vóta gach ballstáit agus vóta na Parlaiminte a scríobh síos.

Réamhvóta: Iarrann an t-uachtarán cé na tíortha ar mian leo vóta a chaitheamh i bhfabhar na treorach, mar atá leagtha amach ag an gCoimisiún Eorpach. Taifeadann tú na vótaí ar ríomhaire, ag baint úsáide as an mbileog Excel. Ag deireadh na vótála, ní bheidh tromlach bainte amach.

Tugann an tUachtarán cead cainte do Pharlaimint na hEorpa (PE). Chuir Parlaimint na hEorpa go láidir i gcoinne an togra. Sáraíodh é sa vótáil le tromlach mór.

Iarrann an t-uachtarán sos 10-15 nóiméad. Le linn na tréimhse seo, déanann na tíortha éagsúla iarracht tacaíocht a ghríosú dá seasaimh. Is féidir freisin tograí leasaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh le linn an tsosa.

Sos: 10-15 nóiméad

Caibidlíocht: Iorgóidh airí na mballstát éagsúil tacaíocht dá seasaimh, nó déanfaidh siad comhréitigh. Ceadaítear iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach an togra a leasú. Siúil timpeall agus cuir i gcuimhne do na hairí agus don Choimisiún Eorpach labhairt agus an t-ábhar a phlé le Parlaimint na hEorpa. Tá sé tábhachtach go nglacann an Pharlaimint leis an togra freisin.

Babhla 2: 20 nóiméad

Oslaíonn an t-uachtarán an cruinniú agus leagann sé béim ar an leas coiteann: trádáil inmheánach laistigh den Aontas Eorpach.

Fiafraíonn an t-uachtarán den Choimisiún Eorpach an bhfuil an togra le haghaidh na treorach maidir le Seacláid leasaithe acu.

Má tá, tugtar cead don Choimisiún an togra leasaithe a chur faoi bhráid an chruinnithe, agus a mhíniú cén fáth atá sé leasaithe.

Mura bhfuil, athléifidh an Coimisiún an togra mar a cuireadh le chéile roimhe seo é.

Iarrann an t-uachtarán ar an aire ó gach ballstát a mhíniú cad a cheapann sé nó sí faoin togra (atá leasaithe, b'fhéidir) ón gCoimisiún. Ar mhaithe le ham, is féidir leis an uachtarán cinneadh a dhéanamh gan am labhartha a thabhairt ach do roinnt ballstát.

Vótáil dheiridh: Fiafraíonn an t-uachtarán cé atá i bhfabhar an togra (leasaithe), agus cé atá ina choinne.

Taifeadann tú na vótaí ar ríomhaire, ag baint úsáide as an mbileog Excel.

Tar éis na vótála, míníonn Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an togra (leasaithe).

Cuid D: Plé ina dhiaidh sin (10 nóiméad)

Ina dhiaidh sin, pléigh an próiseas agus na hargóintí a ardaíodh.

Déan machnamh ar an toradh. Ar luigh sé le réasún a bheith ag glacadh leis go dtiocfadh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú faoin

Treoír maidir le seacláid? Tá sé seo riachtanach chun teacht ar chinntí cinntitheacha.

Is féidir le leasanna náisiúnta a bheith sa bhealach ar an gcinnteoireacht Eorpach.

Is féidir le difríochtaí idé-eolaíocha cosc a chur le comhaontú.

NB: Tugtar cur síos ar ról na scoláirí ar na leathanaigh seo a leanas.

Leideanna:

Treoraigh do chuid scoláirí sa treo ceart le linn an tsosa. Cé na tíortha ar ar féidir dul i gcion?

Inis do na scoláirí gur féidir leo gach rud is mian leo a dhéanamh chun argóint iontach a chur le chéile le linn bhabhta a dó. Fágfaidh sé sin go mbeidh díospóireacht bhríomhar ann!

MÚINTEOIR

1. Priontáil na ról ar aon taobh amháin.
2. Ullmhaigh an físeán, PowerPoint agus an tábla Excel.
3. Réamhrá: mínigh go hachomair cad a dhéanfaimid (togra nua maidir le seacláid a dhéanamh).
4. Taispeáin an físeán.
5. Roinn na ról.
6. Tabhair cead cainte don Uachtarán.
7. Tugann an tUachtarán cead cainte don Choimisiún Eorpach.
8. Tugann an tUachtarán cead cainte do gach ballstát.
9. Ligeann **an Cathaoirleach do gach ballstát vóta a chaitheamh agus is tusa (=maoirseoir/múinteoir) a líonann an tábla Excel.** Baintear úsáid as an litir 'f' ('i bhfabhar') agus an litir 'a' ('in aghaidh').
10. Tugann an tUachtarán cead cainte do Parlaimint na hEorpa (PE).
11. Fógraíonn an tUachtarán fionraíocht 15 nóiméad chun dul i mbun caibidlíochta.
12. Agus arís ó 6 go 10.
13. Míniú éigin ina dhiaidh sin (gearr!).

Parlaimint na hEorpa

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadfar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Feidhm

Is í Parlaimint na hEorpa **guth na ndaoine** agus déanann sí ionadaíocht ar shaoránaigh na mballstát uile san Aontas. Tá ról cinntitheach ag Parlaimint na hEorpa sa phróiseas cinnteoireachta, toisc go gcaithfidh sí, i gcomhar leis na ballstáit, aontú leis na tograí reachtacha a thionscnaíonn an Coimisiún Eorpach. Tá 705 Feisire ag Parlaimint na hEorpa agus tá siad roinnte ina ngrúpaí polaitiúla.

Cad a cheapann Parlaimint na hEorpa faoin togra 'seacláide' seo?

Chuir Parlaimint na hEorpa **go láidir i gcoinne** thogra an Choimisiúin Eorpaigh. Vótáil sí ina choinne le tromlach ollmhór, ag áitiú gur rud an-difriúil é 'seacláid' leis an rud a bhí á tháirgeadh ag déantúsóirí sa tSualainn, in Éirinn agus i dtíortha eile le blianta fada anuas.

Mar chomhlacht tofa a dhéanann ionadaíocht ar shaoránaigh i mballstáit an Aontais Eorpaigh, tá an Pharlaimint an-dáiríre faoi leasanna tomhaltóirí. Baineann tomhaltóirí tairbhe as **faisnéis shoiléir, cheart** ar na hearraí bia a cheannaíonn siad. Sa togra reatha, áfach, níl sé soiléir cén cineál seacláide atá ar na seilfeanna. Thairis sin, tá go leor Feisirí de Pharlaimint na hEorpa buartha go mbeadh blas ar leith na **speisialtacht réigiúnaí** óna ndáilcheantar féin i mbaol, dá mba rud é gur féidir seacláid a dhéanamh as comhábhair eile. Ar deireadh, tá Parlaimint na hEorpa i gcoinne an difhóraoisí a spreagadh atá á spreagadh trí tháirgeadh **ola pailme**.

Do ról

Tá tú ainmnithe ag Parlaimint na hEorpa mar rapóirtéir chun a seasamh a chur i láthair ar an togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh 'Treoir Seacláide'. Tá do threoracha soiléir: tá Parlaimint na hEorpa ag súil go labhróidh tú amach i **gcoinne** an togra.

Cad atá le déanamh agat?

1. Tar éis do na ballstáit vótáil ar an togra den chéad uair, tabharfaidh an t-uachtarán cead cainte duit seasamh Pharlaimint na hEorpa a chur i láthair. Is é 1.5 nóiméad d'am labhartha.
2. Mura bhfuil tromlach sa Chomhairle i bhfabhar an togra, beidh seisiún stocaireachta ann. Ba mhaith leat go gcuirfí deireadh le 2 cheann ar a laghad den 3 ábhar imní atá agat. Ba cheart duit, dá bhrí sin, stocaireacht **ghníomhach** a dhéanamh in éineacht leis na páirtithe eile! **Mar sin, gabh ar aghaidh agus labhair leo.**
3. Tar éis an tseisiúin stocaireachta, vótálfaidh na ballstáit an dara huair. Ina dhiaidh sin, iarrfaidh an t-uachtarán ort a chur in iúl cad é an seasamh atá ag Parlaimint na hEorpa anois. Bunaithe ar an seisiún stocaireachta, féadfaidh tú do vóta a athrú.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

Comhairle an Aontais Eorpaigh: An tUachtarán

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadfar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Feidhm

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh comhdhéanta de na hairí náisiúnta ó gach Ballstát. Tagann siad le chéile chun dlíthe a ghlacadh agus beartais a chomhordú.

10 nóiméad

Babhta 1: Oscail an cruinniú agus déan cathaoirleacht air:

- Oscail an cruinniú agus cuir fáilte roimh gach duine. Abair go bhfuil an treoir Seacláide ar an gclár oibre inniu.
- Mínigh go mbaianeann babhta 1 le vótáil i bhfoirm réamhvóta. Ina dhiaidh sin beidh sos 10 go 15 nóiméad, agus i mbabhta 2 tá súil agat go dtiocfaidh sibh ar chinneadh.
- Tabhair cead cainte don **Choimisiún Eorpach**, agus cuirfidh sé a thogra i láthair.
- Iarr ar **gach ballstát** a sheasamh ar an togra a mhíniú. Is féidir leat a seasaimh a bhreacadh síos sa tábla thall. Spreag na ballstáit chun gach seasamh a scríobh síos ar a gcuid páipéar.

Réamhvóta:

Le linn don mhúinteoir a bheith ag taispeáint an bhileog Excel ar an scáileán, iarrann tú ar na hairí vóta a chaitheamh. Agus iad ag baint úsáide as an mbileog Excel, breacann an múinteoir síos na tíortha atá i bhfabhar an togra (**f**), agus atá i gcoinne (**a**). De bharr na bileoige Excel is furasta a fheiceáil cé acu ar glacadh leis an treoir nó nár glacadh. Chun togra a ghlacadh, ní mór do thromlach cáilithe de 55% ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór 65% de dhaoine an Aontais a bheith ag na tíortha sin.

Iarr ar **Pharlaimint na hEorpa** a seasamh a mhíniú.

Fógair sos

- Is é an tátal a bhainfidh tú as nach bhfuil tromlach i bhfabhar thogra an Choimisiúin.
- Mínigh** cuspóir an tsosa:
 - Le linn an tsosa, ba cheart do thíortha iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréitigh ionas gur féidir tromlach a bhaint amach.
 - Ba cheart do thíortha iarracht a dhéanamh a chur ina luí ar an gCoimisiún an togra a leasú ionas go mbeidh siad in ann vótáil ina fhabhar. 'Idirbheartaíocht' nó 'stocaireacht' a thugtar ar an gcineál seo plé idir an Coimisiún, an Pharlaimint agus na ballstáit.
- Fógair sos 10-15 nóiméad.

10-15 nóiméad

Sos

Mar chathaoirleach ar an gcruinniú níl aon tasc ar leith agat le linn an tsosa, ach **súil a choinneáil ar am**. Caithfidh tú fógra a dhéanamh nuair a bheidh sé in am don chruinniú tosú arís.

20 nóiméad

Babhta 2: Oscailt:

Leag béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhchinnteoireacht. In ainneoin na ndifríochtaí idir gach duine, is í an aidhm comhaontuithe a bhaint amach chun trádáil laistigh den Aontas Eorpach a éascú.

Bí mar chathaoirleach ar an gcruinniú:

- Fiafraigh den Choimisiún an ndearna siad a dtogra a leasú le linn an tsosa (i.e. mar thoradh ar stocaireacht) agus tar éis éisteacht le seasamh Pharlaimint na hEorpa.
- Tabhair cead cainte don Choimisiún, ionas gur féidir leo a dtogra (agus é leasaithe acu, b'fhéidir) a chur i láthair.
- Fiafraigh díobh ar mhaith le haon duine freagra a thabhairt ar an togra (leasaithe), nó ar cheann de na leasuithe. Spreag díospóireacht trí cheisteanna a chur.

Coinnigh súil ar an am — ní mór an vótáil chríochnaitheach a dhéanamh cúig nóiméad roimh dheireadh an chruinnithe.

Vótáil dheiridh:

Iarr ar na hairí vótáil ar son nó i gcoinne thogra (leasaithe) an Choimisiúin Eorpaigh. Taifeadann an múinteoir na vótaí sa bhileog Excel. Socraigh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil tromlach bainte amach ag an togra (leasaithe) trí úsáid a bhaint as an mbileog Excel.

4. Tar éis na vótála, iarrann tú ar Pharlaimint na hEorpa a seasamh a chur in iúl.

An nós imeachta vótála

Tábhachtach!

Ní féidir glacadh le togra ach amháin má tá tromlach cáilithe **55%** ar a laghad de na tíortha ann, a sheasann do **65%** den daonra san Aontas.

AN tUACHTARÁN

1. Iarr ciúnas.
2. Mínigh go hachomair cad a dhéanfaimid (togra nua maidir le seacláid a dhéanamh).
3. Tabhair cead cainte don **Choimisiún Eorpach**.
4. Tabhair cead cainte do **gach ballstát**.
5. Lig do gach ballstát vótáil. (línann an maoirseoir / múinteoir an tábla Excel.)
6. Tugann an tUachtarán cead cainte do **Pharlaimint na hEorpa** (PE).
7. Fógair fionraíocht 15 nóiméad chun dul i mbun caibidlíochta.
8. Tabhair 2 go 3 nóiméad don Choimisiún chun togra a chur le chéile.
9. Agus arís ó 3 go 6.

Airí sa Chomhairle	i bhfabhar / i gcoinne / neamhchinnte?	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
Iomlán	11 tír	359 milliún	100%
Lón na dtíortha i bhfabhar?	Milliún den lucht cónaithe i bhfabhar?		
% i bhfabhar?	% i bhfabhar?		
55% bainte amach?	Tá / Níl	65% bainte amach?	Tá / Níl

NB: Táthar tar éis an nós imeachta vótála sin a shimpliú chun críocha na rólimeartha.

An Coimisiún Eorpach

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadfar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócú ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Glac nótaí ar an méid a deir gach tír agus déan monatóireacht go cúramach ar cé atá ag tacú le do thogra agus cé a bhféadfaí cur ina luí air nó uirthi glacadh le do thogra (féach an tábla thíos). Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin.

Feidhm

Tá tú i d'ionadaíocht ar **chomhlacht feidhmiúcháin** an Aontais Eorpaigh. Is fútsa atá sé tús a chur le tionscnaimh reachtaíochta, agus déanann tú monatóireacht ar cibé ar cuireadh dlíthe Eorpacha chun feidhme nó nár cuireadh.

Do thogra: an treoir maidir le seacláid

Cinntíonn an Coimisiún Eorpach saorghluaiseacht earraí san Aontas. Dá bhrí sin, dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócú agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

An rud is gá duit a dhéanamh:

- Cuir do thogra don treoir Seacláide i láthair. Scríobh síos seasaimh gach tíre.
- Le linn an tsosa, déan iarracht tromlach a fháil don togra. Déan iarracht a **chur ina luí** ar thíortha a vótáil i gcoinne an togra a n-intinn a athrú. Féadfaidh tú an togra a **leasú** freisin, ionas go vótálfaidh níos mó tíortha ina fhabhar.
- Coinnigh mianta **Pharlaimint na hEorpa** san áireamh. Go gairid roimh an sos, cloisfidh tú an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.
- Tar éis an tsosa, cuirfidh tú an togra (leasaithe) i láthair.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Bheilg



© Photodisc/Getty Images

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadfar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Bheilg faoin togra 'seacláide' seo?

Ní aontaíonn tú le togra an Choimisiúin Eorpaigh. Ní féidir 'seacláid' a thabhairt ar tháirgí ach amháin má tá **im cócó iontu!**

Tá seacláid na Beilge ar cheann de na honnmhairí is tábhachtaí atá agat. Tá na Beilgigh thar a bheith bródúil as a gcuid prailíní. Lena chois sin tá tú ag díriú go mór ar thionscal seacláide Cóirthrádála a fhorbairt. As breis agus 700,000 tonna seacláide a tháirgtear sa Bheilg sa lá atá inniu ann, tá 57% de deimhnithe anois agus/nó faoi chumhdach clár inbhunaitheachta chorparáidigh (foinse: Fairtrade Belgium annual report 2021). Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh níos mó tíortha tú. Creideann tú go bhfuil coinníollacha oibre níos fearr, praghsanna cócó, timpeallacht fheabhsaithe agus téarmaí trádála níos fearr tuillte ag feirmeoirí cócó áitiúla.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann an Bheilg i gcoinne an togra ón gCoimisiún Eorpach.

Sos

Tá tú sásta réiteach a chuardach. B'fhéidir gur smaoineamh amháin é táirgí a lipéadú ina bhfuil olaí glasraí eile iontu mar '**vegacacao**', nó rud éigin mar sin. Ansin, d'fhéadfaí aon táirge a dhíol fós in aon tír, ach mar sin féin is léir do thomhaltóirí cad iad na táirgí atá ina bhfíor-sheacláid, agus cad iad na táirgí nach bhfuil. Chomh maith leis sin ná déan dearmad seacláid **Cóirthrádála** a mholadh i measc na mballstát go léir agus comhoibriú leo siúd a d'fhéadfadh a bheith mar chomhghuaillithe agat.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An tSeicia



© Image Source/Flonline

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monarchairí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an tSeicia faoin togra 'seacláide' seo?

Tá infheistíochtaí suntasacha déanta ag an tSeicia i dtáirgeadh seacláide **ina bhfuil im cócó**. Tá tú tar éis cloí le riachtanais na Fraince, na Beilge agus na hEilvéise i ngach slí. Dá bhrí sin, níl tú sásta leis an togra ón gCoimisiún Eorpach. Cé gur tír sách beag tú, d'fhéadfadh an togra seo tionchar mór a imirt. De bhreis air seo is breá le do shaoránaigh seacláid ina bhfuil níos lú siúcra agus níos mó cócó. Ní miste leo fiú níos mó a íoc dá mba ghá.

An chéad bhabhta vótaí

Vótáilann an tSeicia in aghaidh an togra ón gCoimisiún Eorpach.

Sos


Féachann tú lena chur ina luí ar thíortha a bhfuil amhras orthu vótáil i gcoinne an togra. Tá sé tábhachtach duit do thionscal seacláide féin a chosaint. Is féidir leat comhoibriú freisin le comhghuaillithe féideartha chun straitéis a fhorbairt le chéile. Smaoinigh ar conas an **tionscal seacláide a dhéanamh níos sláintiúla**. B'fhéidir go bhféadfá a chur ina luí ar bhallstáit eile agus ar an bParlaimint marc ardchaighdeáin a bheith acu. Tá tú sásta chun comhréiteach a dhéanamh.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a mharcáil thíos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Ghearmáin



An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'seacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Ghearmáin faoin togra 'seacláide' seo?

Tacaíonn an Ghearmáin leis an tsaorthrádail agus le forbairt bhreise an mhargaidh inmheánaigh agus ba mhaith léi, dá bhrí sin, tacú leis an togra ón gCoimisiún Eorpach.

Ag an am céanna, tá an Ghearmáin an-eolach ar na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag táirgeadh roinnt olaí glasraí, go háirithe **ola phailme**, ar an gcomhshaol. Cé go bhfuil roghanna breátha eile ar fáil (im shea, im mango), tá an chuid is mó de sheacláid 'falsa' fós á dhéanamh le hola pailme. Ó beidh toghcháin ar siúl gan ró-mhoill, ní féidir leis an nGearmáin an seans a thógáil go dtacófar le beartas a chuireann táirgeadh ola phailme chun cinn agus a d'fhéadfadh a bheith nasctha dá bhrí sin le difhóraoisíú.

An chéad bhabhta vótáil

Vótálann tú i gcoinne an togra sa chéad bhabhta, mar is mian leat a thaispeáint go bhfuil tú glan i gcoinne táirgeadh ola pailme ar mhórsála.

Sos

Éisteann tú go cúramach leis na tograí ó na tíortha eile. Ina theannta sin, labhraíonn tú le tíortha atá i bhfabhar na treorach. B'fhéidir gur féidir leo cabhrú leat teacht ar rogha eile atá neamhdhíobhálach don chomhshaol le haghaidh ola pailme?

Lena chois sin ba mhaith leat **trédhearcacht**, ag cinntiú go bhfuil a fhios ag tomhaltóirí cad as a ndéantar a gcuid seacláide. Ní chaithfidh tú vóta **ina fhabhar ach amháin** má tá tú sásta le toradh na caibidlíochta seo.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a mharcáil thíos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

Éire



© Neil Beer/PhotoLibrary/Getty Images

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'seacláid' ach amháin má tá im cócú ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Parlaimint na hEorpa

An Coimisiún Eorpach

Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócú agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann Éire faoin togra 'seacláide' seo?

De réir suirbhé a rinne gníomhaireacht taighde neamhspleách le déanaí, ní féidir le tomhaltóirí blas a fháil ar cé acu an bhfuil fíor-im cócú i seacláid nó nach bhfuil. Dá bhrí sin, tá tú ag **comhaontú go hiomlán** le treoir an Choimisiúin Eorpaigh. Tá sé áiféiseach nach féidir seacláid Éireannach atá déanta as olaí **glasraí malartacha** a dhíol sa Bheilg nó sa Fhrainc.

Tá traidisiún sách fada ag Éirinn seacláid a dhéantar as coibhéisigh im cócú a tháirgeadh agus a ithe. Mar gheall ar bhochtaineacht thromchúiseach ar fad in Éirinn agus laghdú mór ar allmhairiú pónaireí cócú — b'éigean d'Éirinn agus don RA araon roghanna eile a fháil seachas im cócú. Tá sé seo mar chuid dá stair náisiúnta ag an bpointe seo agus sin an fáth go bhfuil Éire ag iarraidh a cuid traidisiún seacláide féin a chosaint.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann Éire i bhfabhar thogra an Choimisiúin Eorpaigh.

Sos

Is mian leat a **chur ina luí** ar gach duine an tábhacht a bhaineann le hiomaíocht chóir, agus dá bhrí sin an tábhacht a bhaineann leis an treoir nua seo. Is tír go maith beag thú. Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach a chur ina luí ar thíortha móra eile agus ar pharlaimint na hEorpa gur chóir dóibh vótáil i bhfabhar. Tá tú sásta tacú le tíortha eile i réimsí eile más gá. Déan machnamh ar na hargóintí is féidir leat a úsáid.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaoine an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a mharcáil thíos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Spáinn



© Jeremy Woodhouse/Photo.com

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócú ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócú agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Spáinn faoin togra 'seacláide' seo?

Cé nach dtáirgeann an Spáinn mórán seacláide, braitheann tú go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí seacláid as **im cócú**. Tá meas mór ag muintir na Spáinne ar **thraidisiúin**. Tá cáil ar fud an Domhain ar an mbranda seacláide 'Valor' agus déantar churros na Spáinne, taosrán friochta, a thumadh i seacláid te. Is mian leat a bheith cinnte go gcosnaítear na traidisiúin sin faoi chuimsiú an togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, creideann tú go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí comhaontuithe cobhsaí ionas go mbeidh feidhm ag na rialacha céanna i ngach áit. Tacaíonn tú go drogallach leis an tionscnamh, ach tapóidh tú deis ar bith ceist na dtraidisiúin a ardú.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann an Spáinn i **bhfabhar** thogra an Choimisiúin Eorpaigh, ach cuir na tíortha eile ar an eolas gur mian leat cosaint na dtraidisiúin a phlé.

Sos

D'fhéadfadh go mbeadh **fonn ort vótáil i gcoinne** thogra an Choimisiúin Eorpaigh, má éiríonn le tíortha eile a chur ina luí ort go ndéanfaidh sé sin traidisiúin na Spáinne a chosaint.

Mar sin féin déanann tú iarracht go gníomhach chun teacht ar réiteach. B'fhéidir gur smaoineamh é lipéad a chruthú le haghaidh 'fíorsheacláid' a d'fhéadfadh bialanna a chur ar a mbiachlár? Nó an gceapann tú nár ghá ach eisceacht a dhéanamh don tseacláid a dháiltear le churros? Chuala tú go bhfuil an Iodáil ag streachailt le deacrachtaí den chineál céanna...

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a mharcáil thíos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Fhrainc



© Neil Beer/Photodisc/Getty Images

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Fhrainc faoin togra 'seacláide' seo?

Ní aontaíonn tú go hiomlán le togra an Choimisiúin Eorpaigh. Ní féidir 'seacláid' a thabhairt ar tháirgí ach amháin má tá im cócó **iontu!** Titfidh tionscal traidisiúnta seacláide na Fraince as a chéile má ligtear don tseacláid 'bhréagach' dul san iomaíocht ar an margadh. Dá bhrí sin is 'non !' cinnte soiléir é do fhreagra.

35% cócó ar a laghad í an fhíorsheacláid. Fad is a chloíonn tíortha eile leis an méid sin, ceadaítear dóibh a dtáirge a dhíol mar sheacláid sa Fhrainc.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann an Fhrainc i gcoinne thogra an Choimisiúin Eorpaigh.

Sos

Níl tú sásta do sheasamh a athrú. Tá sé tábhachtach go bhfaighidh tú do dhóthain comhghuaillithe chun stop a chur le glacadh le togra an CE. Déan iarracht cur ina luí ar thíortha a bhfuil amhras orthu vótáil i gcoinne an togra. Is féidir leat comhoibriú le comhghuaillithe féideartha freisin.

Má thugann tú faoi deara go bhféadfadh tromlach na dtíortha vótáil i bhfabhar na treorach mar sin féin, déanfaidh tú iarracht cur ina luí orthu **an t-uasmhéid cócó is féidir** a chur isteach. Is fearr rud éigin ná faic sa chás sin.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Iodáil



An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'seacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Iodáil faoin togra 'seacláide' seo?

Tá **drochfhómhar** pónairí cócó san Iodáil. Tá togra an Choimisiúin Eorpaigh go maith — bheadh sé **tairbhiúil anois aistriú chuig** olaí glasraí seachas im cócó. Chiallódh sé seo táirgeadh níos saoire do mhnaróirí na hIodáile, rud a ligfeadh dóibh dul san iomaíocht leis an bhFrainc agus leis an mBeilg.

Mar sin féin, ní mór **eisceacht** a dhéanamh maidir le 'Gianduia' (*Djandoeja*), speisialtacht thraidisiúnta Iodálach (comhdhéanta de shubstaint cócó thriomaithe iomlán 32% ar a laghad agus de chnónna coill). Ní mór a lua sa treoir nach féidir 'Gianduia' a thabhairt ar thíortha ach amháin má tá im cócó agus cnónna coill ann.

An chéad bhabhta vótaí

Vótáil an Iodáil i gcoinne thogra an Choimisiúin Eorpaigh.

Sos

Má athraíonn an Coimisiún an togra chun eisceacht a dhéanamh do 'Gianduia' (nach féidir é a dhíol ach amháin má bhíonn im cócó ann) ansin vótálann tú **i bhfabhar** an togra. D'fhéadfá labhairt leis an gCoimisiún agus tacaíocht a fháil ó thíortha eile trí mholadh a dhéanamh tacú le heisceachtaí dá dtáirgí réigiúnacha freisin.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Ísiltír



An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'seacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monarchaí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Ísiltír faoin togra 'seacláide' seo?

An chéad bhabhta vótaí

Ní tháirgeann an Ísiltír go leor seacláide, ach mar náisiún trádála cuireann sí go leor tábhachta le rialacha comhionanna maidir le táirgí. Ba cheart go mbeadh **trédhearcacht** do thomhaltóirí ag gabháil leis seo. Caithfidh a bheith ar a gcumas tuiscint go héasca cad as a bhfuil a gcuid bia déanta.

Vótáil an Ísiltír i bhfabhar thogra an Choimisiúin Eorpaigh.

Sos

Vótáil tú **i bhfabhar** threoir nua an Choimisiúin Eorpaigh. Mar sin féin, tá amhras ort fós ba mhaith leat a phlé leis na tíortha AE eile. Níl tú chomh cinnte go dtuigfidh tomhaltóirí faoin togra reatha cad iad na táirgí a úsáidtear chun a gcuid seacláide a tháirgeadh. Ba mhaith leat leasú a mholadh lena n-áirithítear go ndéanfaidh an Coimisiún taighde faoi cé acu a ráthaítear nó nach ráthaítear trédhearcacht do thomhaltóirí faoin treoir nua. Labhair faoin smaoineamh seo le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Pholainn



An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócó ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Parlaimint na hEorpa

Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócó agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Pholainn faoin 'togra seacláide' seo?

Tá tionscal seacláide ag an bPolainn, ach tá **tionscal tobac** mór ag an tír sin chomh maith. Dá bhrí sin, tá níos mó spéise agat sa treoir Tobac, atá le plé sa Chomhairle an tseachtain seo chugainn. Más gá duit cinneadh a dhéanamh, b'fhearr leat vótáil i gcoinne na treorach Seacláide.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann an Pholainn i gcoinne thogra an Choimisiúin Eorpaigh. Ná luaigh do sheasamh ar an treoir Tobac, ach luaigh go neamhfhoirmiúil é le linn an tsosa.

Sos

D'fhéadfaí **cathú a chur ort vótáil i bhfabhar** thogra an Choimisiúin Eorpaigh; ba mhian leat rud éigin mar chúiteamh air sin, áfach.

Ní vótálfaidh tú i bhfabhar na treorach ach mar chúiteamh ar thacaíocht an tseachtain seo chugainn sa troid i gcoinne na rabhadh grianghraif ar phacáistíú toitíní. **Labhair** leis na tíortha eile chun a dtacaíocht a fháil don treoir a bheidh á plé an tseachtain seo chugainn.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An Phortaingéil



An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'sheacláid' ach amháin má tá im cócú ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monaróirí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócú agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an Phortaingéil faoin togra 'seacláide' seo?

Aontaíonn tú leis an gCoimisiún Eorpach, agus creideann tú gur cheart na rialacha a mhaolú beagán. Tar éis an tsaol, is ar chúis éigin atá Aontas Eorpach againn ag a bhfuil margadh inmheánach. Tá an Phortaingéil ag déanamh seacláide ag úsáid **olaí glasraí** seachas im cócú ar feadh i bhfad anois, toisc go bhfuil na holaí malartacha níos saoire. Thabharfadh an togra nua deis don Phortaingéil tosú ag díol i bhfad níos mó seacláide ar fud na hEorpa.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann an Phortaingéil i bhfabhar thogra an Choimisiúin Eorpaigh.

Sos

Déanfaidh tú iarracht **cur ina luí** ar thíortha atá in amhras vótáil i bhfabhar **an togra**. Smaoinigh ar argóintí a d'fhéadfadh tabhairt orthu a vóta a athrú. Tá tú sásta tacú le tíortha eile i réimsí eile más gá. Ná déan dearmad dul i gcion ar an bParlaimint.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

An tSualainn



© European Union

An Cás

I roinnt ballstát, is féidir aon táirge atá cosúil le seacláid a dhíol faoin ainm sin. I mballstáit eile, ní fhéadtar táirge a lipéadú mar 'seacláid' ach amháin má tá im cócú ann. Is fadhb é seo, mar ciallaíonn sé go bhfuil roinnt tíortha ann nach féidir le monarchaí seacláide a gcuid táirgí a dhíol iontu. Cuireann sé seo isteach ar an trádáil laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhfuil 'margadh inmheánach' ag an Aontas Eorpach ó bhí 1993 ann a chinntíonn saorghluaiseacht earraí san Aontas, diúltaíonn an Fhrainc agus an Bheilg fós seacláid ó thíortha Eorpacha eile a dhíol.



Parlaimint na hEorpa

An Coimisiún Eorpach

Dhréachtaigh an Coimisiún treoir a mbeidh feidhm aici maidir leis na ballstáit uile. Is mar seo a leanas atá an togra don treoir seo:

- Is féidir le cuideachtaí olaí glasraí eile a chur in ionad im cócú agus fós 'seacláid' a thabhairt ar a gcuid táirgí.
- Tá sé éigeantach go gceadódh gach ballstát 'seacláid' den sórt sin a dhíol.

Cad a cheapann an tSualainn faoin togra 'seacláide' seo?

Tá dhá mhonarcha mhóra seacláide sa tSualainn, a n-úsáideann ceann amháin díobh (**Karlshamns**) olaí glasraí eile seachas im cócú chun a gcuid seacláide a tháirgeadh. Faoi láthair, ní ghlacann an Fhrainc ná an Bheilg le seacláid ón monarcha seo, mura bhfuil lipéadú difriúil ar na táirgí sin ina bhfuil saillte glastrúla eile, nach n-úsáidtear an focal 'seacláid' air.

Ina theannta sin, traidisiún láidir í sa tSualainn **an tseacláid bhainne**. Is minic a úsáidtear saillte glastrúla nach im cócú iad chun seacláid bhainne a dhéanamh. Tá laghdú tagtha le déanaí ar dhíolacháin seacláide bainne sa tSualainn toisc go bhfuil méadú tagtha ar iompórtáil agus ar dhíolacháin seacláide dorcha ó thíortha eile san Aontas Eorpach. Dá bhrí sin, tá an iomarca seacláide bainne á táirgeadh sa tSualainn, mar sin bhainfeadh tionscal agus lucht easpórtála na seacláide sa tSualainn tairbhe mhór as an treoir seo.

An chéad bhabhta vótaí

Vótálann an tSualainn i bhfabhar thogra an Choimisiúin Eorpaigh.

Sos

Mar Bhallstát réasúnta beag, ní mór duit tacaíocht a fháil ó Bhallstát amháin nó níos mó. Tá tú sásta eisceachtaí áirithe a mholadh do na ballstáit dá gcuirfeadh sé sin ina luí orthu tacú leis an treoir nua. Lena chois sin, **cuir ina luí ar** Parlaimint na hEorpa vótáil i bhfabhar.

An nós imeachta vótála

Chun go nglacfaí le togra, ní mór do thromlach cáilithe de **55%** ar a laghad de na tíortha aontú leis an togra agus ní mór **65%** ar a laghad de dhaonra an Aontais a bheith ag na tíortha sin. Ná déan dearmad tuairim gach ballstáit a scríobh síos.

Tír	Tuairim maidir leis an Treoir Seacláide	Daonra (milliún)	%
Éire	i bhfabhar/i gcoinne	5	1
An Phortaingéil	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An tSualainn	i bhfabhar/i gcoinne	10	3
An Bheilg	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An tSeicia	i bhfabhar/i gcoinne	11	3
An Ísiltír	i bhfabhar/i gcoinne	17	5
An Pholainn	i bhfabhar/i gcoinne	38	11
An Spáinn	i bhfabhar/i gcoinne	47	13
An Iodáil	i bhfabhar/i gcoinne	60	17
An Fhrainc	i bhfabhar/i gcoinne	67	18
An Ghearmáin	i bhfabhar/i gcoinne	83	23
Iomlán	11 tír	359	100%

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tAontas Eorpach, 2023



Déantar beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le hathúsáid dhoiciméid an Choimisiúin (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Ach amháin má shonraítear a mhalairt, údaraítear an doiciméad seo a athúsáid faoi cheadúnas *Creative Commons Attribution 4.0 International* ((CC BY 4.0) <https://creativecommons.org/licenses/by/4.0/>). Ciallaíonn sé sin go gceadaítear an athúsáid ar choinníoll go dtugtar an t-aitheantas cuí agus go léirítear aon athrú a dhéantar.

Le haghaidh míreanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé gur ghá cead a iarraidh go díreach ar shealbhóirí an chóipchirt.